Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**8386/20**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0006(COD)**

**FSTR 72**
**REGIO 104**
**FC 42**
**CADREFIN 100**
**SOC 342**
**ENER 158**
**ENV 286**
**CLIMA 103**
**CODEC 424**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 460 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 460 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 460 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2020
COM(2020) 460 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann le***

**Togra leasaithe le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir**

**IARSCRÍBHINN**

**"IARSCRÍBHINN I**

**AN MODH LEITHDHÁILTE LE HAGHAIDH ACMHAINNÍ AN CHISTE UM AISTRIÚ CÓIR**

I gcás gach Ballstáit, cinnfear an t-imchlúdach airgeadais i gcomhréir leis na céimeanna seo a leanas:

(a) déanfar scair gach Ballstáit a ríomh mar shuim ualaithe na sciaranna arna gcinneadh ar bhonn na gcritéar seo a leanas, agus iad ualaithe mar atá léirithe:

(i) astaíochtaí gás ceaptha teasa na saoráidí tionsclaíocha i réigiúin NUTS leibhéal 2 ar mó faoi fhachtóir a dó an déine carbóin, arna sainmhíniú ag cóimheas astaíochtaí gás ceaptha teasa na saoráidí tionsclaíocha arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] i gcomparáid le breisluach comhlán an tionscail, ná an meán atá na Ballstáit AE-27. I gcás nach sáraítear an leibhéal sin in aon réigiún NUTS leibhéal 2 i mBallstát tugtha, cuirfear astaíochtaí gás ceaptha teasa na saoráidí tionsclaíocha sa réigiún NUTS leibhéal 2 ina bhfuil an déine carbóin is airde san áireamh (ualú 49 %),

(ii) an fhostaíocht i mianadóireacht ghuail agus ligníte (ualú 25 %),

(iii) an fhostaíocht san earnáil tionsclaíochta sna réigiúin NUTS leibhéal 2 arna cur san áireamh chun críocha phointe (i) (ualú 25 %),

(iv) baint móna (ualú 0,95 %),

(v) táirgeadh scealla ola (ualú 0,05 %);

(b) déanfar na leithdháiltí a eascraíonn as pointe (a) a chur i bhfeidhm a choigeartú lena áirithiú nach bhfaighidh aon Bhallstát méid atá níos mó ná EUR 8 mbilliún (i bpraghsanna 2018). Déanfar na méideanna os cionn EUR 8 mbilliún a athdháileadh go comhréireach chuig leithdháiltí na mBallstát uile eile. Déanfar sciaranna na mBallstát a athríomh dá réir;

(c) (c) déanfar sciaranna na mBallstát a eascraíonn as pointe (b) a chur i bhfeidhm a choigeartú go diúltach nó go deimhneach ag comhéifeacht de 1,5 uair den difríocht faoina sáraíonn OIN per capita an Bhallstáit sin (arna thomhas i bpaireachtaí cumhachta ceannaigh) le haghaidh na tréimhse 2015-2017, mar a úsáideadh le haghaidh an bheartais chomhtháthaithe i gcomhthéacs caibidlíocht faoi CAI 2021-2027, meán-OIN per capita na mBallstát AE-27 (an meán arna shloinneadh mar 100 %), nó faoina dtiteann sé faoi sin;

Ní bheidh feidhm ag an gcoigeartú sin maidir le Ballstáit ar cuireadh uasteorainn lena leithdháileadh i gcomhréir le pointe (b);

(d) déanfar na leithdháiltí a eascraíonn as pointe (c) a chur i bhfeidhm a choigeartú lena áirithiú gurb é an toradh atá leis an leithdháileadh deiridh ó CUAC ná déine

[1] Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le bunú Clár Eorpach um Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán agus lena leasaítear Treoir 91/689/CEE agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

chabhrach per capita (arna tomhas ar bhonn dhaonra iomlán an Bhallstáit) de EUR 32 (i bpraghsanna 2018) ar a laghad thar an tréimhse iomlán.

Bainfear na méideanna a theastaíonn chun an déine chabhrach íosta a áirithiú go comhréireach ó leithdháiltí na mBallstát uile eile, ach amháin na cinn sin ar cuireadh uasteorainn lena leithdháileadh i gcomhréir le pointe (b).

Tá an leithdháileadh ón gCiste um Aistriú Cóir ann sa bhreis ar an leithdháileadh a eascraíonn as míreanna 1 go 16 d'Iarscríbhinn XXII de [RFC nua] agus ní chuirtear san áireamh é sa bhonn le haghaidh an leithdháilte a gcuirtear pointí 10 go 15 d'Iarscríbhinn XXII de [RFC nua] i bhfeidhm ina leith".